**Freagraí ar cheisteanna breise i scríbhinn – Olivér Várhelyi**

Ceist 1

*Conas a chuirfidh tú cearta na mban chun cinn i do chuid gníomhaíochtaí? Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú chun rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe agus soláthar an chúraim sláinte sin a chur chun cinn tuilleadh agus chun feabhas a chur ar staid shláinte na mban agus chun a áirithiú go gcuirfear comhionannas inscne sa chúram sláinte chun cinn le beartais sláinte an Aontais? Tacaíonn Parlaimint na hEorpa le rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe i ngach Ballstát. Le linn d'éisteachta deimhnithe, thagair tú do theorainneacha ar chumhachtaí an Aontais, ach is féidir le beartais an Aontais tacú le rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe. An oibreoidh tú go gníomhach chun an Treoir maidir le cúram sláinte trasteorann a fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go bhfaigheadh daoine sna Ballstáit nach bhfuil aon chúram sláinte atáirgthe acu nó nach bhfuil cúram sláinte atáirgthe leormhaith acu an cúram sin go sábháilte agus faoi rún i mBallstát eile?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe, cuirfidh mé cearta na mban chun cinn ar fud mo chuid oibre. San Aontas Eorpach, ba cheart rochtain a bheith ag gach duine, lena n-áirítear gach bean, ar chúram sláinte ar ardchaighdeán.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um Chomhionannas chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus chun comhionannas inscne a fheabhsú i gcúram sláinte, i gcur chun cinn na sláinte agus in ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna sláinte. Beidh sé d'aidhm agam é seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, áiritheoidh mé go leanfaidh Clár EU4Health de bheith ríthábhachtach ó thaobh éagothromaíochtaí a chomhrac maidir le galair a chosc, agus maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus soláthar cúraim sláinte . Ní mór don Chlárlann Eorpach um Éagothromaíochtaí Ailse, tionscnamh suaitheanta faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, leanúint d'éagothromaíochtaí a bhaineann le roinnt deitéarmanaint a dhoiciméadú, lena n-áirítear inscne, agus féachfaidh mé ar an tionscnamh a leathnú, mar shampla chun galair chardashoithíocha a chumhdach. Tá gné shoiléir chomhionannais ag baint le géarchéimeanna sláinte, mar sin ní mór an méid sin a chur san áireamh freisin i mbearta ullmhachta agus freagartha.

Ar cheann de na luaththionscnaimh thábhachtacha don Choláiste nua, tionscnaimh a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla agus a d'fhorbair an Coimisinéir ainmnithe Lahbib le linn a héisteachta freisin, beidh an Treochlár um Chearta na mBan atá le moladh don chéad Lá Idirnáisiúnta na mBan eile. Rannchuideoidh mé leis an obair sin agus oibreoidh mé i gcomhar le mo chomhghleacaithe chun gné láidir sláinte a chur san áireamh inti.

Tá ról lárnach ag sláinte ghnéis agus atáirgthe i gcomhionannas inscne agus i gcearta na mban. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um Chomhionannas ar an Straitéis um Chomhionannas Inscne tar éis 2025 maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear sláinte ghnéis agus atáirgthe. Oibreoidh mé freisin chun a áirithiú go ndéanfar na caighdeáin threisithe cháilíochta agus sábháilteachta a leagtar amach sa Rialachán maidir le Substaintí de Bhunús Daonna a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go hiomlán maidir le gach duine ar fud an Aontais.

San am céanna, oibreoidh mé chun cur chun feidhme iomlán na Treorach maidir le Cúram Sláinte Trasteorann a áirithiú, ar mhaithe le rochtain trasteorann ar sheirbhísí cúraim sláinte a chur chun cinn ar fud an Aontais. Le meastóireacht an Choimisiúin in 2022, léiríodh go bhfuil bacainní fós ann maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte thar theorainneacha, agus is amhlaidh atá go príomha mar gheall ar an gcaoi ar cuireadh an Treoir chun feidhme. Leanfaidh mé ar aghaidh le hobair an Choimisiúin chun deireadh a chur le bacainní ar chur chun feidhme, mar shampla trí chúram sláinte a dhigitiú. Chun comhlíonadh na Treorach a fheabhsú, cuirfidh mé dlús leis an idirphlé leis na Ballstáit, ionas gur féidir ábhair imní a phlé agus teacht ar réitigh. Trí acmhainneacht na Treorach a uasmhéadú agus an comhar idir na Ballstáit a neartú, beidh an tAontas in ann céim chun tosaigh a ghlacadh i dtreo Aontas Sláinte na hEorpa agus i dtreo a áirithiú go seasfar le cearta na mban.

I gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is inniúlacht de chuid na mBallstát é cúram sláinte agus seirbhísí leighis a eagrú agus a sholáthar. Mar sin féin, is féidir leis an Aontas beart a dhéanamh chun beartais náisiúnta a chomhlánú. Sin an fáth a dtacaíonn an Coimisiún go láidir le hiarrachtaí na mBallstát Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme maidir le sláinte na mban – rochtain uilíoch ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe, ar phleanáil teaghlaigh agus ar oideachas. Comhlánaíonn obair an Choimisiúin beartais náisiúnta, spreagann sí comhar, tacaíonn sí leis na Ballstáit a mbeartais sláinte a chur chun feidhme agus éascaíonn sí malartú dea-chleachtas, lena n-áirítear tríd an nGrúpa Stiúrtha maidir leis an tsláinte a chur chun cinn, galair a chosc agus galair neamhtheagmhálacha a bhainistiú.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, tacóidh mé le hobair an Choimisinéara um Chomhionannas chun cearta na mban a chur chun cinn, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu san Aontas.

Ceist 2

*Conas a chuirfidh tú glacadh vacsaíní atá formheasta ag EMA chun cinn agus conas a dhéanfaidh tú an drogall atá roimh an vacsaíniú agus an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis ghaolmhar a chomhrac i ngach Ballstát, lena n-áirítear i do Bhallstát féin? Cén chaoi a n-oibreoidh tú chun a áirithiú nach ndéanfaidh 'lúba ar lár' an bonn a bhaint ó chóras an Aontais maidir le vacsaíní sábháilte éifeachtacha a fhormheas? I do fhreagra maidir leis an tragóid sa Spáinn, thuig na Feisirí go bhfuil stoc-chairn vacsaíní le haghaidh teiteanais agus fiabhras deinge réidh le himscaradh ag HERA cheana féin. An féidir leat a dhearbhú gurb é seo an cás?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe, beidh mé i mo thacadóir láidir agus glórach ar son na dtairbhí sláinte poiblí a bhaineann le vacsaíní. Mar a luaigh mé le linn m'éisteachta, sábháladh níos mó ná 1.7 milliún duine san Aontas le linn na paindéime a bhuí le vacsaíní COVID-19. Agus sin gan trácht ar na milliúin beatha eile a shábháiltear gach bliain le vacsaíní i gcoinne galair mharfacha eile, cuir i gcás an bhruitíneach, an póilió agus an triuch. San Eoraip, déantar measúnú eolaíoch thar a bheith cuimsitheach ar vacsaíní sula n-údaraítear iad. Daoine a fhaigheann vacsaíní atá údaraithe ag an gCoimisiún, is féidir leo a bheith muiníneach go bhfuil na vacsaíní sin sábháilte agus éifeachtach. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus leis na húdaráis náisiúnta chun an muinín atá ag an bpobal i vacsaíní a threisiú, lena n-áirítear trí thrédhearcacht iomlán a áirithiú maidir le húdaruithe nua agus maidir leis na próisis faireacháin iarúdarúcháin.

Tá na cógais leighis uile atá údaraithe ag an gCoimisiún, vacsaíní COVID-19 san áireamh, bunaithe ar phróiseas láidir measúnaithe ag EMA. Tá córas faireachais cógas an Aontais ar cheann de na córais is forbartha ar domhan. Neartaíodh an córas le linn phaindéim COVID-19, le faireachán feabhsaithe ar vacsaíní i bhfíorshuíomhanna.

I gcás éigeandáil sláinte poiblí, ní mór cógais agus vacsaíní sábháilte éifeachtacha a fhorbairt agus a chur ar fáil ar fud an Aontais a luaithe is féidir. Tá bearta ag an Aontas cheana féin chun forbairt agus deonú údaruithe margaíochta le haghaidh cóireálacha agus vacsaíní sábháilte éifeachtacha a éascú, chun tacú leo agus chun dlús a chur leo. Leis an reachtaíocht chógaisíochta, ceadaítear do na Ballstáit údaruithe úsáide éigeandála a eisiúint ar an leibhéal náisiúnta, mar a tharla le linn phaindéim COVID-19. Faoin athchóiriú cógaisíochta atá beartaithe, beifear in ann údaruithe margaíochta éigeandála sealadacha a dheonú níos tapúla ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí sláinte poiblí, iad bunaithe ar mheasúnú láidir ó EMA, rud a chumasófar cur chuige comhordaithe de chuid an Aontais i gcásanna den chineál sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun a áirithiú go mbeidh an fhéidearthacht sin ann mar chuid den reachtaíocht chógaisíochta athchóirithe.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe, beidh sé ina phríomhthosaíocht agam saoránaigh na hEorpa a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha na bréagaisnéise, lena n-áirítear i réimse na sláinte poiblí. Oibreoidh mé i gcomhar le mo chomhghleacaithe sa Choláiste,

chun leas a bhaint as an gcreat láidir atá i bhfeidhm cheana, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach agus an Cód Cleachtais neartaithe maidir le Bréagaisnéis, chun aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis ar ardáin mhóra ar líne agus in innill chuardaigh, agus chun tacú leis an gcreat a fhorbairt a thuilleadh tríd an Sciath Eorpach don Daonlathas. Cuirfear dlús freisin leis an bhfaireachán agus leis an bhfaireachas ar an mbréagaisnéis, i gcomhar leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Chun gníomhú in aghaidh na bréagaisnéise díobhálaí maidir le vacsaíniú, leanfaidh an Coimisiún d’fhaisnéis iontaofa atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar do shaoránaigh, ag comhtháthú na moltaí ón tuarascáil a choimisiúnaigh an Fochoiste um Shláinte Phoiblí le déanaí maidir le tionchar na bréagaisnéise ar shláinte mhuintir na hEorpa a laghdú. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), gníomhaireacht a dtacaím go láidir léi agus a dhéanann obair luachmhar chun for-rochtain na gclár vacsaínithe a mhéadú agus chun aghaidh a thabhairt ar an mífhaisnéis agus ar an mbréagaisnéis ghaolmhar. Oibreoidh mé freisin le soláthraithe cúraim sláinte agus le heagraíochtaí iontaofa eile chun ár dteachtaireachtaí a dhéanamh níos feiceálaí agus chun saoránaigh a spreagadh chun cinntí faoi vacsaínithe a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis eolaíoch iontaofa.

Ach ní leor an drogall roimh an vacsaíniú a chomhrac. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tacóidh mé freisin le bearta chun rochtain ar vacsaíniú a áirithiú agus chun nach bhfágfar aon duine ar lár. Tá mórthionscadal á chistiú ag an gCoimisiún faoin gclár EU4Health, ar a dtugtar Bacainní ar Vacsaíniú a Shárú, tionscadal ina ndéantar dea-chleachtais a thriail chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha ar vacsaíniú.

Tá an Coimisiún réidh le tacaíocht a thabhairt don Spáinn i ndiaidh na dtuilte uafásacha in Valencia agus sna réigiúin máguaird. Tá an córas satailíte Copernicus gníomhachtaithe cheana féin ag an gCoimisiún chun cuidiú ó thaobh na foirne tarrthála a chomhordú agus thairg sé freisin an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a ghníomhachtú a luaithe a gheofar iarraidh air sin ó údaráis náisiúnta na Spáinne. Is féidir liom a dheimhniú, má theastaíonn cúnamh ón Spáinn, gur féidir leis an gCoimisiún cuidiú le húdaráis na Spáinne rochtain a fháil ar sholáthar frithbheart leighis chun freagairt don mhéadú ar ghalair thógálacha atá ann de dheasca na dtuilte. Tá vacsaíní in aghaidh teiteanais agus frithbhearta leighis ábhartha eile sna stoc-chairn ar leibhéal an Aontais.

Ceist 3

*Sa Mholadh ón gComhairle maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige Aon Sláinte Amháin, tá roinnt spriocanna nach bhfuil fós bainte amach. Conas a oibreoidh tú chun an cur chuige i leith na spriocanna sin a athrú, lena n-áirítear trí obair i gcomhar leis na Ballstáit ar ghníomhaíochtaí ina bpleananna náisiúnta, bearta sa bhreis a dhéanamh chun úsáid stuama agus maoirseacht oibreán frithmhiocróbach a chur chun cinn? Measann an Pharlaimint go bhfuil géarghá le gníomhaíocht agus nach leor faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát go dtí 2027. An ndéanfaidh tú gníomhaíocht reachtach sa bhreis a bhreithniú roimh 2027 agus conas a dhéanfaidh tú faireachán ar an gcaoi a mbeidh cistiú leordhóthanach ag gabháil leis na pleananna gníomhaíochta náisiúnta chun spriocanna 2030 a ghnóthú? Is cosúil go bhfuil an tAontas ina iomláine ar an mbóthar ceart chun tomhaltas frithmhiocróbach ainmhithe a laghdú go suntasach, go háirithe a bhuíochas le hiarrachtaí ó fheirmeoirí an Aontais. Mar sin féin, agus túsphointí éagsúla na mBallstát á gcur san áireamh, cén chaoi a n-áiritheofá go mbeadh laghduithe iarbhír ar dhíolacháin agus ar úsáid ábhar frithmhiocróbach tréidliachta mar thoradh ar na corrlaigh laghdaithe atá ann i roinnt Ballstát? Thairis sin, cén chaoi a gcuirfeá feabhas ar an bhfaireachán a dhéanann na Ballstáit ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus ar thomhaltas frithmhiocróbach? Conas a chuirfeá feabhas ar chomhchuibhiú na straitéisí náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha? I bhfianaise a thromchúisí atá na dúshláin atá i gceist, conas a neartófá na rialuithe allmhairiúcháin ábhartha agus conas a d'áiritheofá cur chun feidhme níos comhchuibhithe ar fud an Aontais?*

Táim tiomanta dlús a chur leis an obair leanúnach maidir leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac. Creidim gur féidir sprioc an Aontais maidir le húsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú faoi 2030 a bhaint amach, fiú má tá na Ballstáit ag céimeanna éagsúla ina leith agus spriocanna éagsúla glactha ag gach ceann acu de réir a leibhéal úsáide reatha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Shláinte agus Leas Ainmhithe, oibreoidh mé go dian chun ár sprioc uaillmhianach a bhaint amach trí chomhar láidir, faireachán spriocdhírithe agus cuntasacht shoiléir.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé de bheith ag tacú le húsáid raoin ionstraimí a thacóidh le gníomhaíochtaí na mBallstát. An Chomhghníomhaíocht maidir le Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach agus Ionfhabhtuithe a bhaineann leis an gCúram Sláinte a seoladh i mí Feabhra na bliana seo, tá sí ag tacú cheana féin leis na hiarrachtaí náisiúnta trí níos mó ná €60 milliún de chistiú a sholáthar.

Déanann ECDC faireachán ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus ar úsáid ábhar frithmhiocróbach ar fud an Aontais gach bliain. Ina theannta sin, éascaíonn an Coimisiún malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát trí Líonra 'Aon Sláinte Amháin' an Aontais maidir le Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach (FSFM) a thagann le chéile dhá uair sa bhliain. Creidim gur cheart straitéisí náisiúnta a chomhordú laistigh de chreat comhtháite uile-Aontais chun dul chun cinn comhsheasmhach a áirithiú, agus solúbthacht maidir le hoiriúnú áitiúil á ceadú san am céanna.

I gcás nach bhfuil spriocanna maidir le FSFM bainte amach go fóill, cuirfidh an Coimisiún dlús le tacaíocht spriocdhírithe do phleananna gníomhaíochta na mBallstát, go háirithe i réimsí ar nós ionfhabhtú a chosc

agus a rialú, úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach agus maoirseacht orthu. Nuair is gá, oibreoidh mé ar mholtaí le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Bagairtí Tromchúiseacha Trasteorann ar an tSláinte. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn, agus úsáid á baint agam as gach modh atá ar fáil don Choimisiún chun tacú leis na Ballstáit a spriocanna a bhaint amach.

Creidim gur féidir sprioc uaillmhianach an Aontais a bhaint amach i dtaobh díolacháin fhoriomlána ábhar frithmhiocróbach d'ainmhithe feirmshaothraithe agus sa dobharshaothrú a laghdú faoina leath faoi 2030 agus oibreoidh mé i dtreo na sprice sin. Tá laghdú beagnach 30% ar na díolacháin sin bainte amach cheana féin.

Leis an Rialachán maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta, leagtar síos raon leathan beart comhlántach chun úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach in ainmhithe a áirithiú. Tacóidh mé lena chur chun feidhme chun a áirithiú go rannchuideoidh gach Ballstát ar bhealach fóinteach le díolacháin fhoriomlána a laghdú. Cuirfidh mé dlús le hiniúchtaí an Choimisiúin, toisc go n-áirithíonn siad go bhforfheidhmíonn údaráis na mBallstát na rialacha maidir le húsáid ábhar frithmhiocróbach in ainmhithe.

I gcomhréir leis an rún ón bParlaimint ó 2023 maidir le gníomhaíocht an Aontais chun frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac, oibreoidh mé ar bhearta chun sláinte agus leas bia-ainmhithe a fheabhsú chun teacht chun cinn agus leathadh galar tógálach san fheirmeoireacht a laghdú agus, ar an gcaoi sin, an gá atá le húsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú.

Leanfaidh mé ar aghaidh le hobair an Choimisiúin i ndáil le sonraí cruinne agus comhchuibhithe a áirithiú, lenar féidir faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a seasann cúrsaí agus ar na treochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Gach bliain, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sonraí a bhailiú agus a thuairisciú maidir le díolacháin agus úsáid ábhar frithmhiocróbach de réir speicis ainmhithe. Soláthraíonn an Coimisiún tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun a gcórais TF a fheistiú don bhailiú sonraí sin. Bainfidh mé leas as na sonraí sin chun bonn eolais a chur faoi bhearta amach anseo. Ina theannta sin, cistíonn an Coimisiún cláir oiliúna d'oifigigh ó údaráis inniúla náisiúnta a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann le húsáid cheart ábhar frithmhiocróbach agus le frithsheasmhacht ghaolmhar in earnálacha tréidliachta/bia, mar aon le cláir oiliúna d'fheirmeoirí agus tréidlianna atá ag obair le bia-ainmhithe maidir lena n-oibleagáidí dlíthiúla agus leis an gcaoi ar féidir leo úsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú a thuilleadh.

Áiritheoidh mé freisin go gcuideoidh na rialacha maidir le hallmhairí ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad ó thaobh úsáid ábhar frithmhiocróbach d'ainmhithe a laghdú. Faoin gcreat rialála atá i bhfeidhm faoi láthair, i gcás na dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad ar mian leo ainmhithe agus táirgí ainmhithe a onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, ní mór dóibh cloí lenár rialacha gan ábhair fhrithmhiocróbacha a úsáid chun fás a chur chun cinn nó gan ábhair fhrithmhiocróbacha atá forchoimeádta san Aontas chun cóir leighis a chur ar ionfhabhtuithe i ndaoine a úsáid ar na hainmhithe ná ar na táirgí ainmhithe sin. Níl ach tíortha a léiríonn go gcomhlíonann siad rialacha an Aontais 'liostaithe' mar thíortha atá údaraithe i

dtaobh onnmhairiú chuig an Aontas. Áiritheoidh mé go leanfar d'iniúchtaí an Choimisiúin i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, chun comhlíonadh cheanglais an Aontais maidir le hallmhairiú a fhíorú.

Ceist 4

*Conas a áiritheoidh tú go gcuirfear chun feidhme córas cuimsitheach éigeantach uile-Aontais um lipéadú agus inrianaitheacht bia lena gcomhdhlúthófar na scéimeanna deonacha éagsúla atá ann cheana (gnéithe inbhuanaithe agus eiticiúla) in aon chreat soiléir amháin, gan ualaí breise a mhéadódh praghsanna do thomhaltóirí? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat tacú le comhthoil i measc na mBallstát maidir leis an tsaincheist sin? An bhfuil tú tiomanta do lipéadú cothaithe ar aghaidh an phacáiste a thabhairt le chéile chun roghanna sláintiúla a chur chun cinn? Ina theannta sin, conas a áiritheoidh córas den sórt sin go gcuirfear tomhaltóirí ar an eolas go hiomlán trí fhaisnéis leathnaithe tionscnaimh nó bunáitíochta maidir le gach táirge bia, lena ndéantar, dá bhí sin, cosaint tomhaltóirí a fheabhsú, cur amú bia a laghdú, agus tacú le cleachtais inbhuanaithe?*

Is é an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faisnéis Bhia a Sholáthar do Thomhaltóirí (FBT) an bonn taca le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a ráthú i ndáil le faisnéis bhia. Leagtar amach ann na rialacha maidir le faisnéis shainordaitheach bhia a sholáthar agus na ceanglais nach mór d’oibreoirí gnó bia a urramú agus faisnéis shaorálach bhia á soláthar acu. Níor cheart faisnéis a bheith míthreorach agus ní mór í a bheith bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar shonraí eolaíocha ábhartha.

Leis an togra ón gCoimisiún maidir le ‘Maíomhanna Glasa’, tugtar soiléireacht maidir le gnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil. An togra sin atá faoi chaibidil idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, is éard atá i gceist leis, i measc nithe eile, ceanglais shonracha chun a áirithiú go mbeidh an measúnú is bonn le maíomh comhshaoil nó lipéad comhshaoil láidir agus fónta ó thaobh na heolaíochta de.

Tá lipéadú cothaithe ar aghaidh an phacáiste ar cheann de na huirlisí éagsúla a úsáidtear chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi ábhar cothaitheach an bhia.
Oibreoidh mé leis na páirtithe leasmhara go léir chun réitigh a sholáthar sa tslí go ndéanfar roghanna bia níos sláintiúla a éascú. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, mar chéad chéim, rachaidh mé i dteagmháil leis na páirtithe go léir lena mbaineann maidir le cur chuige cuimsitheach lena dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna lena n-áirítear athfhoirmliú bia, faisnéis bhia, agus margú bia mhíshláintiúil. Sainaithneoidh mé réimsí ina bhféadfadh tacaíocht bhreise airgeadais a bheith ag teastáil ó na Ballstáit, agus leas á bhaint as an obair atá ar siúl faoin nGníomhaíocht Chomhpháirteach leanúnach maidir le Galair Neamhthógálacha a Chosc . Ós rud é gur féidir díriú ar thomhaltóirí ar bhealach níos éifeachtaí le feachtais chumarsáide ar an leibhéal náisiúnta, tabharfaidh mé tuilleadh tacaíochta d’iarrachtaí na mBallstát feasacht na dtomhaltóirí ar fhaisnéis bhia a fheabhsú.

Déantar foráil leis an Rialachán FBT freisin maidir le léiriú sainordaitheach tionscnaimh bianna áirithe agus maidir leis an deis a bheith ag oibreoirí gnó bia tionscnamh bianna eile a léiriú ar bhonn saorálach. Tá bearta náisiúnta déanta ag roinnt Ballstát mar fhreagairt ar éileamh tomhaltóirí. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh sé ar cheann de na tosaíochtaí a bheidh agam aghaidh a thabhairt ar éilimh den chineál sin ó na tomhaltóirí ar thuilleadh faisnéise maidir le tionscnamh bianna, agus feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh á áirithiú san am céanna.

Ceist 5

*Cuirtear rialacha an Aontais maidir le leas ainmhithe i bhfeidhm ar bhealach sách éagsúil i measc na mBallstát. Dar leatsa, cad iad na príomhbhacainní a chuireann leis na difríochtaí sin i leibhéil chomhlíonta, agus cad iad na gníomhaíochtaí nó an tacaíocht shonrach a mholfá chun cabhrú le feirmeoirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí? Cad iad na dúshláin cur chun feidhme a shainaithníonn tú sna forálacha atá ann faoi láthair? I do cháil mar Choimisinéir ainmnithe, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat na rialacháin atá ann cheana maidir le leas ainmhithe a nuachóiriú agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann? An gceapann tú gur cheart allmhairí a áireamh in aon reachtaíocht den sórt sin? Ina leith sin, conas a d'fhéadfaimis a áirithiú go gcomhlíonann tríú tíortha ceanglais an Aontais? Agus cé chomh nithiúil a chomhlíonfá an gealltanas a tugadh le linn na héisteachta chun cur chuige cothrom a áirithiú atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de d'fheirmeoirí agus nach gcuireann bac ar a n-iomaíochas? Ina theannta sin, mar Choimisinéir ainmnithe, cad iad do thuairimí faoi chonclúidí Choiste ANIT maidir le hiompar ainmhithe?*

I mo thuairimse, is iad seo a leanas na príomhbhacainní ar chur i bhfeidhm comhchuibhithe reachtaíocht reatha an Aontais maidir le leas ainmhithe: tá na rialacha féin sean agus is minic a bhíonn léirmhínithe éagsúla orthu i measc na mBallstát; tá difríochtaí suntasacha ann sa chaoi a bhforfheidhmíonn na Ballstáit an reachtaíocht sin, agus tá easpa smachtbhannaí éifeachtacha ann; agus ní leor an úsáid a bhaintear as táscairí leasa ainmhithe. Sainaithnítear na tosca sin go soiléir i seiceáil oiriúnachta 2022 an Choimisiúin.

Cruthaíonn na dúshláin cur chun feidhme sin saobhadh sa mhargadh inmheánach agus cuireann siad le héagothrom iomaíochta agus le cosaint mhíchothrom leasa ainmhithe. Is measa an staid de bharr na timpeallachta dlíthiúla scoilte atá ann de thoradh forálacha náisiúnta éagsúla maidir le leas ainmhithe a glacadh le 20 bliain anuas.

Díreoidh mé ar na rialacha atá ann cheana a chur i bhfeidhm go críochnúil. Cuirfidh mé dlús le hobair an Choimisiúin chun cuidiú leis na páirtithe uile a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Go dtí seo, cuimsíonn sé sin gníomhaíochtaí oiliúna (tríd an gclár 'Oiliúint Níos Fearr le haghaidh Bia Níos Sábháilte'), gníomhaíochtaí cumarsáide, treoirlínte ón gCoimisiún ar nós treoirlínte maidir le sciotadh eireaball muc agus treoirthionscadail chun dea-chleachtais a chomhroinnt i réimsí lena n-áirítear iompar, leas na mbó déiríochta agus aistriú chuig córais gan chásanna le haghaidh béaróg. Ina theannta sin, molaim tacú le húsáid níos leithne a bhaint as táscairí leasa ainmhithe agus tuilleadh sonraí a sholáthar d'fheirmeoirí chun a gcuid oibre a threorú. Más gá, is rogha don Choimisiún i gcónaí nósanna imeachta um shárú.

Deimhním go molfaidh mé don Choláiste athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le leas ainmhithe mar a luaitear sa litir mhisin a cuireadh chugam. Déanfaidh mé na caighdeáin leasa ainmhithe atá ag an Aontas cheana a nuachóiriú, agus déanfaidh mé beart de réir briathair go háirithe maidir leis an obair leantach a rinne an Coimisiún ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta'. Is é an chéad chéim a dhéanfaidh mé dul i mbun plé le gach duine lena mbaineann, na feirmeoirí san áireamh, chun réitigh agus saincheisteanna éagsúla a phlé ar nós idirthréimhsí agus tacaíocht airgeadais. Cuirfidh mé riachtanais na gceantar tuaithe iargúlta san áireamh. Is é an aidhm a bheidh agam a áirithiú nach mbeidh feirmeoirí an Aontais faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar na feabhsuithe sin.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tríú tíortha ceanglais an Aontais nó ceanglais choibhéiseacha, féadfaimid an cur chuige céanna a úsáid agus atá ann i réimse an leasa ainmhithe tráth an mharaithe. Bunaithe ar an reachtaíocht sin, ní mór an fheoil a allmhairítear isteach san Aontas a theacht ó ainmhithe a mharaítear faoi choinníollacha atá coibhéiseach le coinníollacha an Aontais agus ní mór deimhniú allmhairiúcháin a bheith ag gabháil léi ina ndeimhníonn údarás inniúil na tíre tionscnaimh na coinníollacha sin. Ina theannta sin, déanann an Coimisiún iniúchtaí i dtríú tíortha is onnmhaireoirí chun a fhíorú go gcuirtear ceanglais an Aontais nó ceanglais choibhéiseacha i bhfeidhm.

Creidim go léiríonn obair Choiste ANIT an chaoi ar féidir le Parlaimint na hEorpa ionchur luachmhar a chur ar fáil d'obair an Choimisiúin. Ionchorpraítear go leor de na moltaí ón gCoiste sa togra reachtach ón gCoimisiún maidir le hiompar ainmhithe. Mar shampla, sa togra tá teorainneacha níos déine maidir le hainmhithe a iompar i gcomhair a maraithe, tá rialacha breise maidir le madraí agus cait a iompar agus, den chéad uair, tá forálacha sonracha maidir le hainmhithe uisceacha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh sé ina thosaíocht agam an chaibidlíocht maidir leis an togra sin a thabhairt chun críche.